

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil 2024

| | Leathanach |
|---|---|
| Misean agus Luachanna | 4 - 5 |
| Intreoir | 7 |
| **Achoimre airgeadais** | 8 |
| **Sracfhéachaint ar an gComhairle** | 10 |
| **Ár bpríomhsheirbhísí** | 13 |
| Forbairt eacnamaíochta, fiontair agus turasóireachta | 14 - 19 |
| Talamhúsáid, pleanáil agus iompar | 20 - 25 |
| Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail | 26 - 29 |
| An comhshaol, uisce agus athrú aeráide | 30 - 35 |
| Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht | 36 - 41 |
| **Moladh** | 42 |
| **Leibhéil seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo** | 43 - 45 |

# Ár misean

“Áit bheomhar agus ionchuimsitheach a dhéanamh **dár gContae do na daoine** a chónaíonn, a oibríonn agus a bhíonn i mbun gnó anseo, anois agus sa todhchaí freisin.”

# Ár bpríomhluachanna

Treoraíonn na sé phríomhluach seo atá mar bhonn lenár gcuid gníomhaíochtaí ar fad comhairleoirí agus baill foirne Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

### Seirbhís do chustaiméirí

Táimid tiomanta do sheirbhís inrochtana, bhéasach, leanúnach, neamhchlaonta agus fhreagrúil a chur ar fáil. Cuirfimid cairt saoránach i bhfeidhm lena n-áirítear córas gearán agus cúitimh chun tacú leis an ngealltanas seo.

### Inbhuanaitheacht

Feidhmeoimid ar bhealach freagrach agus inbhuanaithe i dtaca le hairgeadas, an comhshaol, gnóthaí pobail agus ceisteanna socheacnamaíocha. Is éard a chiallaíonn inbhuanaitheacht ná freastal ar riachtanais daoine an lae inniu gan dochar a dhéanamh dár gcumas freastal ar riachtanais na nglúnta amach romhainn.

### Ionchuimsitheacht, comhionannas agus inrochtaineacht

Tabharfaimid tús áite don chuimsiú shóisialta, comhionannas rochtana agus deiseanna, agus riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí nuair a dhéanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar.

### Nuálaíocht, cruthaitheacht agus éagsúlacht

Breathnóimid ar bhealaí nua, cruthaitheacha agus éagsúla le seirbhísí a chur ar fáil agus le fadhbanna a réiteach, agus molfaimid do na daoine, grúpaí agus eagraíochtaí a n-oibrímid leo amhlaidh a dhéanamh.

### Cuntasacht agus follasacht

Beimid i mbun cumarsáide le daoine go soiléir agus go hoscailte, agus beimid trédhearcach maidir lenár gcinnteoireacht ar fad.

### Luach ar airgead

Úsáidfimid go héifeachtach ár gcuid acmhainní, agus déanfaimid ár bhfeidhmiú a athbhreithniú agus a mheas ar bhonn leanúnach.


David Walliams in Amharclann an Phobail

# Intreoir

Is é aidhm na cáipéise seo na príomhsheirbhísí a bhfuil sé i gceist ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas a sholáthar don phobal le linn 2024 a shainaithint.

Gach bliain, glacann an Chomhairle leis an mbuiséad, ansin glacann an Chomhairle le plean soláthair seirbhíse a mbaineann spriocanna faoi leith leis atá bunaithe ar na cuspóirí a leagtar amach sa phlean corparáideach. Ansin déantar na cuspóirí agus spriocanna seirbhíse sin a fhorleathadh chuig pleananna foirne oibríochtúla agus chuig cuspóirí agus gníomhartha na mball aonair foirne tríd an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus forbartha.

Ag deireadh gach bliana, cuirimid tuarascáil ar fáil ina leagtar amach a bhfuil bainte amach ag an bPlean Corparáideach le bliain anuas agus déantar soláthar na leibhéal agus spriocanna seirbhíse a thuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain sin.

Leagtar amach sa Phlean Soláthair Seirbhíse seo don bhliain 2024 ár ngealltanais agus pleananna don bhliain atá amach romhainn agus cuirtear achoimre ghrafach ar an bplean mionsonraithe ar fáil do gach teaghlach, gnó agus scoil sa chontae. Foilsímid ár dTuarascáil Bhliantúil ar shuíomh gréasáin na comhairle www.sdcc.ie agus bíonn cóipeanna ar fáil ar iarratas ó do leabharlann áitiúil.

Déanann cáipéisí beartas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, a liostaítear thíos, an creat a bhfeidhmíonn an t-údarás áitiúil laistigh de a leagan amach:

- Plean Corparáideach 2020 - 2024
- Buiséad Bliantúil 2024
- Clár Caipitil 2024 - 2026
- Plean Forbartha an Chontae 2022 - 2028
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Leagtar an Plean Soláthair Seirbhíse seo amach faoi na tosaíochtaí straitéiseacha faoi mar a leagtar amach iad sa Phlean Corparáideach.

- Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta
- Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar
- An Comhshaol, Uisce agus Athrú aeráide
- Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Phobail
- Cumas Eagraíochtúil agus Cuntasacht

Faoi gach ceann de na réimsí straitéiseacha thuas, tugtar sonraí maidir leis na cuspóirí agus straitéisí tacaíochta don réimse sin, chomh maith leis na tionscadail oibreacha caipitiúla faoi leith atá beartaithe agus na táscairí feidhmíochta a ghabhann leo.

# Achoimre Airgeadais

Forálann an Buiséad Bliantúil Ioncaim don bhliain 2024 do chaiteachas iomlán de €338,321,100 agus tá coinne aige le hioncam de €181,379,000 ó réimse seirbhísí agus foinsí lena n-áirítear cíos, táillí, muirir, aisíocaíochtaí iasachta, deontais agus aisghabhálacha. Maoineofar an t-iarmhéid de €156,942,100 ar an iomlán ag baint úsáid as meascán de rátaí tráchtála agus cáin mhaoine áitiúil (CMÁ).

Mar chuid de straitéis buiséid na Comhairle, laghdaíodh an fachtóir áitiúil CMÁ 15% agus níor ardaíodh na cíosanna ar thithíocht shóisialta ná an Ráta Bliantúil ar an Luacháil (RBL) do rátaí tráchtála. Bhí an Chomhairle fós in ann acmhainní breise a chur ar fáil le feabhas a chur ar rátaí athligean ar cíos, maoiniú breise a chur ar fáil do chothabháil tithíochta, don phlean gníomhaithe ar son na haeráide, d'athchóiriú cosán, cothabháil lána agus bainistiú

| Where we will spend your money in 2024 | |
|---|---|
| **Divisions** | **Budget Expenditure 2024** |
| Housing & Building | €133,274,700 |
| Road Transport & Safety | €40,756,500 |
| Water Services | €15,048,600 |
| Development Management | €30,285,300 |
| Environmental Services | €47,733,700 |
| Recreation & Amenity | €57,239,800 |
| Agriculture, Education, Health & Welfare | €1,630,500 |
| Miscellaneous Services | €12,352,000 |
| **Total** | **€338,321,100** |

Is ionann an caiteachas seo agus thart ar €1,124 in aghaidh an tsaoránaigh bunaithe ar ár ndaonra de 301,075 i gContae Átha Cliath Theas (Daonáireamh 2022). Is méadú é seo ar an €1,017 in aghaidh an tsaoránaigh in 2023. Tá briseadh síos iomlán ar Bhuiséad na Comhairle do 2024 ar fáil trí 'Buiséad Bliantúil' a chuardach ar www.sdcc.ie.

Is clár rollach trí bliana é an Clár Caipitil nua 2024 – 2026 a leagann amach na tionscadail reatha le bonneagar an chontae a fhorbairt ó phleanáil go tógáil. Tagann sé seo lenár bPlean Forbartha Contae agus lenár bPlean Corparáideach. I roinnt cásanna, déantar an dul chun cinn tionscadail a thuar bunaithe ar infhaighteacht deontas cúnaimh ón rialtas láir nó ó ghníomhaireachtaí rialtais.

Thar an tréimhse trí bliana, forálann sé caiteachas iomlán de €1,584,393,900 in infheistíocht chaipitil. Úsáidfear €525,548,000 de sin in 2024 chun tionscadail chaipitiúla tithíochta, iompair agus soghluaisteachta, forbartha eacnamaíche agus caighdeán saoil a fhorbairt sa chontae.

| Programme Expenditure | Total Expenditure 2024 - 2026 |
|---|---|
| | |
| Housing & Building | €1,077,700,400 |
| Road Transport & Safety | €119,017,500 |
| Surface Water and Flood Relief Works | €29,645,500 |
| Development Management | €240,060,000 |
| Environmental Services | €10,075,000 |
| Recreation & Amenity | €94,845,500 |
| Miscellaneous Services | €13,050,000 |
| **Total** | **€1,584,393,900** |

iomlán a bhain leis an gcéad chlár caipitiúil trí bliana ar ghlac an Chomhairle leis do 2020 – 2022. Tá méadú de 207% tagtha ar an gcaiteachas molta do 2024 - 2026, rud a léiríonn cé chomh huaillmhianach agus atá an Chomhairle seo ó thaobh infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar riachtanach a fhreastalóidh ar shaoránaigh ár gcontae, a bhfuil méadú ag teacht orthu.

Is ionann an infheistíocht in 2024 - 2026 agus thart ar €5,262 a chaitheamh in aghaidh gach saoránach a bhfuil cónaí air sa Chontae thar an tréimhse trí bliana, nó thart ar €1,746 in aghaidh an tsaoránaigh in 2024 amháin.

Beidh infheistíocht shuntasach i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne, dul chun cinn leanúnach ó thaobh cur chun cinn ár gcriosanna forbartha straitéiseacha i mBaile Adaim agus Cluain Buiríosa agus forbairt mháistirphlean City Edge mar chuid de Chlár Caipitil 2024 – 2026. Déanfar páirc gnó Chaisleán na Gráinsí a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh agus cuirfear tionscnaimh bhreise maidir le forbairt fostaíochta i mBaile Adaim agus sa Dara Loc Déag freisin. Foráiltear freisin d'fhorbairtí turasóireachta ar nós dul chun cinn i dtionscadal Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus sealbhú Theach Leamhcán. Cuirfear feabhas leanúnach ar ár gcuid páirceanna, spásanna oscailte, leabharlann, áiseanna poiblí, spóirt agus fóillíochta.



Gort na Bealtaine Cluain Dolcáin

# Sracfhéachaint ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

**Achoimre ar na leibhéil seirbhíse a baineadh amach in 2023 ó Thuaras-**

**cáil Mhíosúil na dTáscairí Feidhmíochta**






# Ár bpríomhsheirbhísí

Seo a leanas na cúig réimse seirbhíse atá againn:

## 1

**Forbairt eacnamaíochta, fiontair agus turasóireachta**

- Forbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn an chontae ó thaobh na hinfheistíochta de
- Forbairt agus tacaíochtaí fiontair
- Bainistíocht sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, oifig na n-ealaíon agus bonneagar cultúrtha
- Cur chun cinn an Chontae agus forbairt turasóireachta

## 2

**Talamhúsáid, pleanáil agus iompar**

- Bainistiú forbartha
- Réamhphleanáil
- Tógáil agus cothabháil bóithre
- Bainistiú tráchta
- Soilsiú Poiblí
- Rialú tógála
- Cur chun cinn na hoidhreachta agus an chaomhantais

## 3

**Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail**

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí, cothabháil agus athchóirí tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistiú eastát agus forbairt phobail
- Tionscnaimh aoisbháúla agus cuimsithe shóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine

## 4

**An comhshaol, uisce agus athrú aeráide**

- Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó
- Bainistíocht móréigeandála
- Dramhaíl agus forfheidhmiú
- Seirbhísí uisce agus draenála
- Seirbhísí tréidliachta
- Bainistiú agus cothabháil an réimse phoiblí

## 5

**Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht**

- Seirbhísí corparáideacha
- Bainistíocht acmhainní daonna
- Bainistíocht airgeadais
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide
- Seirbhísí ailtireachta
- Seirbhísí dlí




# 1 Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta

Oibríonn roinn Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta (EETD) na Comhairle le fás eacnamaíoch áitiúil a spreagadh trí thacú le fostaíocht, scileanna, gnólachtaí beaga, turasóireacht agus lár an bhaile. Tá an roinn EETD lárnach ó thaobh Contae Átha Cliath Theas a fhorbairt do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí araon. Trí roinnt príomhstraitéisí agus tionscnamh, tá aitheantas faighte ag Contae Átha Cliath Theas mar gheall ar na nithe cultúrtha a chuirtear ar fáil in ionaid cosúil le hAmharclann an Phobail, roinnt leabharlann, Rua Red agus Staid Thamhlachta, agus na háiseanna gnó den chéad scoth i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí.

## Táscairí Feidhmíochta

- Líon na dtionscnamh tacaíochta gnó agus caiteachas
- Líon na bpost a cruthaíodh nó ar tacaíodh leo i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí
- Líon na ndiúscartha talún um fhorbairt eacnamaíoch
- Líon na mball gníomhach leabharlainne
- Méid an spáis leabharlainne i m2
- Líon na bhféilte / imeachtaí turasóireachta



Leabharlanna Soghluaisteachta Bhaile Átha Cliath Theas

1

### Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta

- Forbairt eacnamaíoch agus cur chun cinn an chontae ó thaobh na hinfheistíochta de
- Forbairt agus tacaíochtaí fiontair
- Bainistíocht sócmhainní
- Seirbhísí leabharlainne, oifig na n-ealaíon agus bonneagar cultúrtha
- Cur chun cinn an Chontae agus forbairt turasóireachta

#### Cuspóir 1: Timpeallacht thacúil gnó a choimeád

- Tacú leis an ngnó agus fiontar sa Chontae, ag neartú deiseanna d'fhás agus forbairt Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus do ghnólachtaí nuathionscanta.
- Cinntiú go bhfanann an Oifig Fiontair Áitiúil ina céad stad do gach gníomhaíocht sa Chontae a bhaineann le gnó / fiontar.
- Na bearta agus próisis oibríochta a bhunú le tacú le FBManna taobh amuigh de réimse reatha tacaíochtaí cliaint na hOifige Fiontair Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann, mar chuid de thionscnamh nua de chuid Fiontraíocht Éireann.
- An t-ullmhúchán do Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua a chríochnú agus a chur i bhfeidhm a mhaoirsiú i gcomhar le Roinn an Phobail.
- Leanúint le pleananna eacnamaíochta agus fiontair náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur i bhfeidhm, go háirithe Plean Forbartha na hOifige Fiontair Áitiúil 2021 – 2024, an Plean Fiontair Réigiúnach suas go dtí 2024 agus Plean Forbartha an Chontae 2022 - 2028.
- Oibriú leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) EETD le tuilleadh tionscadal agus tacaíochtaí a fhorbairt faoin gCiste Tacaíochta Gnó, lena n-áirítear roghanna le beocht agus geilleagar tráthnóna agus oíche Lár Thamhlachta a fheabhsú.
- Leanúint le tacú le cleachtas agus deiseanna inbhuanaithe gnó i gcomhréir le prionsabal na "Bunlíne Triaraí" agus le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Chontae.
- Tógáil ar Scéim Deontais Aghaidheanna Siopaí le húsáid na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil a spreagadh tuilleadh chun tionchar na scéime ar shráid-dreacha an Chontae a uasmhéadú.
- Oibriú le Oxford Innovation chun Ionad Nuálaíochta Thamhlachta a chur chun cinn agus chun tacú lena oibriú maidir le fiontair nuathionscanta a fhorbairt agus cur le geilleagar Bhaile Átha Cliath.
- Iarrachtaí a dhéanamh maoiniú deontais a chabhróidh le túsghníomhaíochtaí an tionscnaimh a fháil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun críche spás táirgthe bia a fhorbairt sa Chontae.
- Tabhairt faoi staidéar indéantachta le deiseanna agus sineirgí in earnáil na meán sa Chontae a shainaithint.
- Straitéis eacnamaíoch nuashonraithe a fhorbairt don Chontae, straitéis a bhfuil fís shoiléir inti d'fhás eacnamaíoch a thagann le beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae 2022 – 2028 agus an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, a dtacaíonn anailís ar phríomhthacair sonraí agus táscairí eacnamaíochta don Chontae léi, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le líon na ngnólachtaí, catagóirí fostaíochta agus gnó, agus táscairí ábhartha na hearnála rialtais áitiúil.

#### Cuspóir 2: Tacú agus cur le hinfheistíocht dhíreach eachtrach agus dhúchasach sa Chontae

- Páirc Ghnó Idirnáisiúnta Chaisleán na Gráinsí a bhainistiú agus a chur chun cinn in éineacht le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann, le tacú le cliaint reatha agus le tuilleadh infheistíochta gnó dírí eachtraí agus dúchasaí a fháil.
- Brandáil agus suíomh gréasáin nua a chur i gcrích do Chaisleán na Gráinsí, agus na suíomhanna atá ar fáil agus atá dírithe go sonrach ar chliaint fhéideartha a mbeadh an cumas acu méid suntasach fostaíochta breise a sholáthar a chur chun cinn go gníomhach.
- Maoirseacht a dhéanamh ar thógáil agus cur i gcrích chéim a dó de bhóthar rochtana thiar Chaisleán na Gráinsí
- Oibriú le cliaint a bhfuil tionscadail á bhforbairt acu faoi láthair i bPáirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí le cur i gcrích agus coimisiúnú tráthúil a gcuid tionscadal a chinntiú
- Máistirphlean Chaisleán na Gráinsí Thiar a chur i bhfeidhm, ag dul i ngleic le ceisteanna bainistíochta soghluaisteachta agus soláthar bonneagar mar chuid de leathnú ar bhonn céimneach Pháirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí.
- Leanúint le roghanna maidir le húsáid fuinnimh laistigh de Pháirc Ghnó leathnaithe Chaisleán na Gráinsí a mheas ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide agus gníomhaíochtaí na gCliant a éascú chun lorg carbóin a laghdú nuair is féidir.
- Máistirphlean an Dara Loc Déag a chur chun cinn ón gcomhairliúchán poiblí Cuid a hOcht agus an próiseas pleanála agus leanúint go tógáil na chéad chéime i soláthar an mháistirphlean.
- Ceannach a chur i gcrích agus tús a chur le tógáil Bhealach Glas na Canálach Móire.

#### Cuspóir 3: Acmhainní an údaráis áitiúil a bhainistiú ar bhealach a thacaíonn go hiomlán leis an bhforbairt eacnamaíoch

- Feidhmiú an chórais chomhtháite bainistíochta réadmhaoine a leabú le cumasú bainistíocht ghníomhach sócmhainní réadmhaoine a éascú.
- Oibriú leis an Roinn Pleanála le suíomhanna agus áiteanna forbartha féideartha tithíochta, tráchtála agus pobail a shainaithint le cruth a chur ar an straitéis sealbhaithe agus infheistíochta talún a bheidh ag an gComhairle amach anseo.
- Roghanna straitéise maidir le forbairt ghnó a fhiosrú d'úsáid leathnaithe Staid Thamhlachta d'imeachtaí spóirt agus eile agus le bonn eolais a chur faoi phlean soiléir infheistíochta caipitiúla don tsaoráid.
- Leanúint le leathadh amach na Straitéise Digití áitiúla agus cur i bhfeidhm ár straitéise fógraíochta allamuigh a chur chun cinn.

#### Cuspóir 4: An méid a chuireann na hEalaíona, Leabharlanna, Oidhreacht agus Gaeilge le heispéireas cultúrtha na saoránach agus na gcuairteoirí a uasmhéadú

- Leanúint leis an Leabharlann agus an tSeirbhís Ealaíon a bhainistiú agus a fhorbairt le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do shaoránaigh uile an Chontae trí straitéisí náisiúnta, eagraíochtúla agus áitiúla a chur i bhfeidhm, is iad sin: "Ár Leabharlann, Ár dTodhchaí": Plean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas 2023 - 2027; Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023 - 2027; "ReFRAME": Straitéis Forbartha Ealaíon Átha Cliath Theas 2022 - 2026.
- Fiosrú gníomhach a dhéanamh maidir leis an ngréasán brainsí a leathnú le seirbhís uile-chontae a chinntiú i gcomhthéacs forbairtí agus fás daonra amach anseo.
- Oibriú i gcomhar le páirtithe le soláthar na leabharlann nua i mBaile Adaim agus in Iarthar na Cathrach a áirítear sa Phlean Forbartha Contae a chur chun cinn agus indéantacht agus roghanna a fhiosrú maidir le seirbhísí leabharlainne áitiúla a sholáthar i limistéir Ráth Cúil / an Chaisleáin Nua agus Theach na Giúise / Bhaile Uí Chuilinn.
- Clár oibreacha cothabhála agus feabhsaithe caipitiúla a chur chun cinn le heispéiris ar chomhchaighdeán a chinntiú ar fud an ghréasáin brainsí, ag tosú le hoibreacha feabhsaithe agus athchóirithe rochtana i Leabharlann Chluain Dolcáin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt isteach an tionscnaimh Mo Leabharlann Oscailte i mBaile Átha Cliath Theas.
- Clár bliantúil bonneagair TFC, nuálaíochta bogearraí agus seirbhíse, infheistíochta agus athsholáthair a chur chun feidhme.
- An Ceart chun Léamh agus ábhair Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) a chur chun cinn chomh maith leis na bhfoghlaim dhigiteach, lena n-áirítear soláthar leanúnach an clár Think Big Space.
- Leanúint le sainstraitéis margaíochta agus ballraíochta a fhorbairt don tseirbhís leabharlainne, ag tógáil ar iarrachtaí chun cur le leibhéil na mballraíochtaí gníomhacha, ag díriú ar dhéagóirí agus ar aosaigh óga.
- Líonra gníomhairí athraithe sa phobail, saineolaithe náisiúnta agus páirtithe corparáideacha a fhorbairt, agus oibriú leo chun críche tionscnaimh a fhorbairt a fhreagraíonn do na dúshláin ábhartha a bhaineann le spriocdhéimeagrafach na leabharlann.
- Bailiúcháin reatha leabharlainne, bailiúcháin chlóite agus ar líne araon, a bhainistiú, a choimeád agus a fheabhsú agus bailiúcháin nua a fhorbairt.
- Féilire bliantúil imeachtaí cultúrtha agus clár foghlama a chomhordú trínar féidir le saoránaigh forbairt agus feabhsú trí eispéiris chomhroinnte. Cinntiú go dtacaíonn agus go dtagann imeachtaí leabharlainne le tionscnaimh náisiúnta leabharlainne.
- Stair agus oidhreacht an Chontae a chaomhnú, a roinnt agus a chur chun cinn, taighde staire a éascú, agus feasacht a fhorbairt ar acmhainní an údaráis áitiúil.
- Clár bliantúil Oifig na nEalaíon a sholáthar lena n-áirítear clár nua do pháistí agus Clár nua Ceoil Óige NOISE; Ruaille Buaille; Féile Ceoil na bPáistí, Leamhcán; Scannánaíocht Óige; Féile Damhsa na

nÓg agus Clár Cóiréagrafaithe Óga; Podchraoltaí Stiúideo Taifeadta Fuaime agus Cartlainne Cultúrtha; Clár Rochtana Scríbhneoirí Óga in Oideachas EPIC; Clár Amharcealaíon in Oideachas Creative Campus; Ealaíona Luath-Óige; An Clár um an Ionchuimsiú Éagsúlachta Cultúrtha; Acadamh Ealaíne Sráide Bhaile Adaim agus Thamhlachta.

- Tógáil ar chláir atá ann cheana le gníomhaíochtaí agus imeachtaí a chomhtháthú tuilleadh in Amharclann an Phobail, Rua Red agus Leabharlann Thamhlachta chun críche ceantar dinimiciúil cultúrtha a fhorbairt don Chontae.
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun stádas na Líonraí Gaeilge a bhaint amach do Chluain Dolcáin.
- Straitéis Forbartha Bonneagair Ealaíon don Chontae a chur chun cinn. Straitéis is ea seo a fhiosraíonn an t-éileamh ar sheirbhísí ealaíon amach anseo.

### Cuspóir 5: Straitéis turasóireachta a dhíríonn ar fhorbairt táirge agus branda nua a chur i bhfeidhm

- Maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis Turasóireachta 2024 - 2029, soláthar an chláir ghaolmhair maidir le tionscnaimh a bhaineann le turasóireacht sa Chontae a chur chun cinn.
- An próiseas mionsonraithe deartha a chur i gcrích agus tús a chur le tógáil tionscadal turasóireachta suaitheanta Ionad Cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath.
- An tionscadal turasóireachta, miondíola bia agus fáilteachais a chur chun cinn le suíomh turasóireachta a dhéanamh de Chlós Chaisleán Ráth Fearnáin trí fhaomhadh Cuid a hOcht a fháil agus tús a chur le tógáil an tionscadail.
- Leanúint le hobair dhearfach agus ghníomhach a dhéanamh le Fáilte Éireann ar an gcoincheap margaíochta “Baile Átha Cliath - Iontach ó Nádúr” agus deis Imeall Bhaile Átha Cliath maidir le cur chun feidhme ár straitéisí turasóireachta, margaíochta agus brandála a chur chun cinn, ag tacú le hoibritheoirí áitiúla lena n-áirítear óstáin, eagraithe gníomhaíochtaí agus imeachtaí.
- An próiseas mionsonraithe deartha a chur i gcrích agus tús a chur le tógáil Ionad Oidhreachta Thamhlachta.
- Máistirphlean a fhorbairt le suíomh turasóireachta nua a dhéanamh de Theach Leamhcáin.
- Oibritheoir a fháil do Bhrú Chrónáin, Ionad Cuairteoirí Chlogás.
- Leanúint ar aghaidh le sainaithint, cur chun cinn agus tacú le himeachtaí agus féilte áitiúla.





# 2 Talamhúsáid, pleanáil agus iompar

Oibríonn an Roinn Talamhúsáide, Pleanála agus Iompair chun caighdeán maireachtála cónaitheoirí agus duine ar bith a chaitheann seal i mBaile Átha Cliath Theas a mhéadú trí fhorbairt an Chontae amach anseo a phleanáil go cúramach agus tríd an mbonneagar atá ann cheana féin a chothabháil agus a fheabhsú. Déanann an roinn seo pobail inbhuanaithe a thógáil trí phleananna mionsonraithe a fhorbairt don Chontae ina gcomhtháthaítear dearadh baile nua, bonneagar bóithre agus cosán a uasghrádú, spás a chur ar fáil do rothaithe agus coisithe, agus trí shruthanna suntasacha maoinithe a riar, an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú mar shampla.

## Táscairí Feidhmíochta

- Líon na dtithe a cuireadh i gcrích
- Líon na gcosán nua agus uasghrádaithe – km líneach
- Líon na nasc rothar nua agus uasghrádaithe – m2 líneach
- Líon na scéimeanna feabhsaithe lárionad sráidbhaile agus ceantair a tugadh chun críche
- Líon na n-uasghráduithe soilsithe poiblí a tugadh chun críche
- Líon na gcruinnithe réamhphleanála a cuireadh ar bun laistigh d'ocht seachtaine ón iarratas





Bealaí Sábháilte chun na Scoile


Uasghrádú Shráidbhaile Theach Sagard

# 2 Talamhúsáid, pleanáil agus iompar

- Bainistiú forbartha
- Réamhphleanáil
- Tógáil agus cothabháil bóithre
- Bainistiú tráchta
- Soilsiú Poiblí
- Rialú tógála
- Cur chun cinn na hoidhreachta agus an chaomhantais

### Cuspóir 1: Pleanáil straitéiseach d'fhás seasmhach agus dlúth

**Leanúint leis an dul chun cinn ar an bPlean Forbartha Contae (PFC):**

- An plean ar glacadh leis a chur i gcrích, lena n-áirítear cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh reatha a chosaint.
- Córas feabhsaithe monatóireachta don CDP, Measúnacht Straitéiseach Chomhshaoil agus tuarascáil dul chun cinn bhliain a dó a fhorbairt.
- Córas nua comhairimh tithíochta a fhorbairt.
- 'Athbhreithniú Talún Fostaíochta' a chur i gcrích ar fud an Chontae.
- Tús a chur le measúnú ar riachtanais criosaithe amach anseo.
- Tús a chur leis an athbhreithniú ar an mBeartas Tithíochta Tuaithe.

**Pleananna straitéiseacha nua a fhorbairt:**

- Éagsúlacht an CDP a theastaíonn do chreat straitéiseach City Edge a chur chun cinn.
- Comhairliúchán poiblí a chur ar bun maidir le Plean Limistéir Áitiúil Chluain Dolcáin agus dul chun cinn a dhéanamh chomh fada lena chur faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh.
- Faomhadh an Bhoird Phleanála a fháil do leasú ar Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Bhaile Adaim.
- Treoirlínte maidir le fuinneamh gaoithe a athbhreithniú.

**Athruithe atá le teacht ar an gcóras pleanála a bhainistiú:**

- An tAcht nua um Phleanáil agus Forbairt a chur i bhfeidhm.
- An t-athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála a chur i bhfeidhm.
- Oibriú le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) ar an athbhreithniú ar an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) agus aon leasú a theastaíonn a chur i bhfeidhm.
- Na Treoirlínte Lonnaíochta Dlúthfháis nua a chur chun feidhme.
- Oibriú i gcomhar le hOifig an Rialálaí Pleanála (OPR) ar athbhreithniú a dhéanamh ar ról na Comhairle mar Údarás Pleanála.

**Oibríochtaí bainistithe forbartha, rialaithe tógála agus forfheidhmithe pleanála éifeachtacha a chinntiú.**

- Cinntí Bainistithe Forbartha agus comhairle d'iarratasóirí pleanála láidir, soiléir agus comhleanúnach a chinntiú.
- Próiseas cinnteoireachta tráthúil agus éifeachtach sa Bhainistiú Forbartha, Forfheidhmiú Pleanála agus Rialú Tógála a chinntiú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha ar glacadh léi.
- Leathadh amach Ríomhphleanála agus feabhsuithe APAS chomh maith leis na hathruithe riachtanacha ar phróisis comhdúcháin agus stórála a chomhordú agus a chur chun cinn.

**Tacú le cur chuige uile-Chomhairle i leith na Bainistíochta Talún Gníomhaí:**

- Próiseas na Cánach Talún Cónaithí Criosaithe a chur i gcrích agus Clár na Láithreán Folamh a bhainistiú.
- Tacú le hobair na Comhairle ar thithe folmha agus suíomhanna tréigthe.
- Talamh agus suíomhanna a shainaithint le bonn eolais a chur faoi straitéis ghníomhach díghlasála talún atá ailínithe le Plean Forbartha an Chontae.
- Oibriú leis an Roinn Oideachais le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar na scoileanna, go háirithe na scoileanna nua sin laistigh dár gCeantair Athnuachana agus PCÁ.

### Cuspóir 2: Áiteanna a nascadh trí thionscadail soghluaisteachta inbhuanaithe

**Straitéisí soghluaisteachta inbhuanaithe uile-Chontae a réiteach:**

- Oibriú leis an Stiúrthóireacht um Chomhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) leis an mBeartas Contae um Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha a chur chun cinn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Theorainneacha Luais ar fud an Chontae.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas an Chontae maidir le Feithiclí Earraí Troma.
- Tús a chur le leathadh amach na Straitéise Comharthaíochta uile-Chontae.
- An Plean um Ghníomhaíocht ar mhaithe le Sábháilteacht ar Bhóithre comhaontaithe a sholáthar.

**Dul i bhfeidhm ar dhearadh agus soláthar tionscadal iompair iarnróid agus bus:**

- Oibriú i gcomhar le hIarnród Éireann ar dhearadh agus soláthar na scéim DART+ Thiar Theas.
- Tacú le hIarnród Éireann leis an uasghrádú pleanáilte ar Stáisiún Traenach na Ciseoige.
- Oibriú le hIarnród Éireann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) chun pleanáil do spásanna feabhsaithe teacht isteach i stáisiúin reatha traenach sa Chiseog, i mBaile Adaim agus i gCluain Dolcáin.
- Oibriú leis an NTA ar dhearadh agus soláthar bealaí, aistrithe agus seirbhísí Bus Connects.
- Obair leis an NTA agus Bonneagar Iompair Éireann (TII) ar uasghráduithe ar an Líne LUAS lena n-áirítear pleananna do stáisiún nua ar Bhóthar na Darach in City Edge.

**Ár ngréasán bóithre agus cosán a chothabháil:**

- Clár cothabhála comhaontaithe bóithre, cosán agus raonta rothar a sholáthar.
- Ár ngréasán soilse poiblí a chothabháil agus tuairim is 1,500 solas poiblí a uasghrádú go LED.
- Dul i ngleic le deacrachtaí leanúnacha le ESB Networks chun obair chothabhála agus uasghrádUithe níos éifeachtúla a chinntiú dár líonra soilsí poiblí.
- Ár bplean cothabhála droichead comhaontaithe, lena n-áirítear oibreacha sábháilteachta, a chur chun cinn go ceithre dhroichead.
- Ár bplean seirbhíse cothabhála geimhridh, lena n-áirítear tabhairt isteach próiseas nua cóireála sáile agus an bonneagar a bhaineann leis, a sholáthar.

**Feidhmiú gréasáin tráchta an Chontae a bhainistiú go sábháilte trí:**

- Ár gcuid soilse tráchta a chothabháil agus cur le líonra na n-acomhal tráchta rialaithe.
- Clár beart maolaithe tráchta agus leacaithe cosán a sholáthar.
- Tacú le cur chuige uile-Chomhairle a chur i bhfeidhm i leith bainistíochta TCI.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thrácht ag baint úsáid as comhairimh chomhordaithe tráchta chun cinntí fianaisebhunaithe a éascú.
- Oibriú le Bonneagar Iompair Éireann ar Thionscadal Mhaigh Nuad go Léim an Bhradáin agus tionscadal Tosaíochta Bus M4 Soir.
- Straitéis don N81 laistigh de limistéar lár an bhaile i dTamhlacht a aontú lena n-áirítear feabhsuithe bóithre, athbhreithniú ar theorainneacha luais agus oibreacha sábháilteachta.
- Láithreacha páirceála sráide agus eas-sráide a bhainistiú agus meaisíní nua páirceála a chur isteach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar líon agus suíomh na mbánna páirceála inrochtana sa Chontae.
- Scéim phíolótach maidir le páirceáil aoisbháúil a sholáthar i lárionad ceantair Chnocán na Rós.

- Seirbhís maor scoile a spreagann timpeallacht shábháilte do pháistí a chur ar fáil.

**Na buntáistí a bhaineann leis an taisteal gníomhach agus an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn:**
- Leanúint ar aghaidh lenár suíomh gréasáin Taisteal Gníomhach a nuashonrú agus a bhainistiú agus ardán bolscaireachta cuí a fhorbairt don Taisteal Gníomhach.
- Oiliúint rothaíochta a chur ar fáil do scoileanna.
- Tacú le feachtais náisiúnta a leathadh amach chun an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn.

**Leanúint le clár Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas a sholáthar trí:**
- Tionscadal náisiúnta treo-aimsitheora SDCC a sholáthar – gréasán raonta rothar chomharsanacht D24
- Caisleán Thigh Motháin - céim a haon a chur i gcrích; faomhadh Chuid a hOcht a fháil do chéim a dó agus conraitheoir a cheapadh.
- Glasbhealach na Dothra – céimeanna a ceathair agus a cúig a chur i gcrích agus dearadh chéim a sé a chur chun cinn.
- Baile an Teampaill agus an Tiníl – oibreacha chéim a haon a chur i gcrích, faomhadh a fháil do chéim a dó agus conraitheoir a cheapadh.
- Réimse poiblí Thamhlachta – oibreacha a chur i gcrích ar an suíomh.
- Leathnú Bhóthar Airton – tús a chur le hoibreacha ar an suíomh.
- Glasbhealach Uirbeach na Canálach Móire go Leamhcán – oibreacha chéim a haon a chur i gcrích agus tús a chur le céim a dó.
- Tamhlacht go Cluain Dolcáin – céim a haon a thosú ar an suíomh agus an dearadh do chéim a dó a chur chun cinn.
- An Seanbhábhún go Baile Baodáin – céim a haon a thosú ar an suíomh, Cuid a hOcht a fháil do chéim a dó agus dearadh chéim a trí a chomhaontú.
- Wellington – oibreacha a chur i gcrích ar chodanna Ros Mór agus Bhóthar an Halla Bháin agus conraitheoirí a cheapadh don chuid eile den scéim.
- Sráideanna Scoile – sráideanna scoile Chluain Dolcáin agus an Ubhchrutha a chríochnú agus tús a chur leis an dearadh do na chéad sráideanna scoile eile.
- Iarthar na Cathrach go Ráth Fearnáin – tús a chur le hobair deartha don scéim taistil ghníomhaigh seo.
- Bóthar Bhaile an Chócaigh – Dearadh coincheapúil Bhóthar Bhaile an Chócaigh agus straitéis soláthair a chomhaontú.
- Tréscaoilteacht Eascrach – faomhadh Chuid a hOcht a fháil don scéim seo.
- Cur chun úsáide tapa – leanúint le cur chun úsáide tapa agus scéimeanna tógála tapa a sholáthar.
- Páirceáil rothar – páirceáil rothar a chur ar fáil ar fud an Chontae.

### Cuspóir 3: Muintearas pobail a chur chun cinn in áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath Theas tríd an timpeallacht thógtha

**Soláthar ár gCeantar Athnuachana a chomhordú:**
- Oibriú le húinéirí talún le soláthar riachtanais chéimnithe SDZ Bhaile Adaim agus Chluain Buiríosa a chinntiú.
- Soláthar tionscadal bonneagair atá á mhaoiniú ag an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF) agus an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF) a chur chun cinn i mBaile Adaim.
- Soláthar an chláir um Bonneagar Straitéiseach i gCluain Buiríosa a chur chun cinn.
- Féidearthacht a mheas maidir le Gréasán Fuinnimh Ceantair ó Chaisleán na Gráinsí go Cluain Buiríosa.
- An obair ar na 24 ghníomh ón gCreat Pleanála Straitéisí a comhaontaíodh do City Edge a chur chun cinn.
- Tacú le agus comhordú a dhéanamh ar sholáthar i dTamhlacht, Baile Uí Chuilinn / an tSeanchúirt, Baile Uí Fhoirtcheirn agus an Caisleán Nua.

**Ár ngréasán lárionaid sráidbhailte agus ceantar a fheabhsú:**
- Scéim feabhsaithe lárionad ceantair Chaisleán Thigh Motháin a sheoladh.
- Tús a chur le feabhsuithe ar Shráidbhaile Leamhcáin.
- Tús a chur le feabhsuithe ar lárionad ceantair Bhaile an Dodaigh.
- Tús a chur le hoibreacha feabhsaithe ar an suíomh do lárionad ceantair Chnocán na Rós.
- Faomhadh Chuid a hOcht a fháil do lárionad ceantair Bhánóige agus tús a chur le hoibreacha ar an suíomh.
- Faomhadh Chuid a hOcht a fháil do shráidbhaile Chluain Dolcáin.

**Ár sócmhainní Oidhreachta, Bithéagsúlachta agus Caomhantais a chur chun cinn agus a chosaint:**
- Plean nua Oidhreachta uile-Chontae a réiteach.
- Leanúint ar aghaidh ag cur chun chur chun feidhme Chonair Oidhreachta Shléibhte Bhaile Átha Cliath.
- Cearta Slí Poiblí (PROW) atá ann cheana agus cinn fhéideartha a shainaithint.
- Soláthar Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a bhainistiú le EWCC agus Oifigeach Bithéagsúlachta nua a cheapadh le clár oibre feabhsaithe a chur ar fáil.
- Clár feabhsuithe caomhantais a sholáthar le maoiniú ó Chiste na Struchtúr Stairiúil (HSF), ó Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (BHIS) agus ó chlár caipitiúil na Comhairle féin.

**Oibriú go réamhghníomhach lenár gComhairleoirí:**
- Ainmniú an Choiste Bonneagair a bhainistiú.
- Coiste Ghlasbhealach na Dothra a bhainistiú i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLRCoCo).
- Coiste Limistéar Taitneamhachta Speisialta (SAAO) Ghleann na Life a bhainistiú i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall.


Rothaíocht Phobal Ghlasbhealach na Dothra




# 3 Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail

Tá roinn Forbartha Tithíochta, Sóisialta agus Pobail (HSCD) Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas freagrach as tithe a chur ar fáil trí bhealaí éagsúla do dhaoine atá cáilithe go cuí agus ag an am céanna as freagairt na Comhairle ar an easpa dídine a chomhordú, bheith chun cinn ó thaobh an chuimsithe shóisialta de agus forbairt phobail agus beatha ghníomhach agus shláintiúil a chur chun cinn dár saoránaigh. Cuireann an roinn tacaíocht ar fáil freisin do ghníomhaíochtaí agus pleananna oibre an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil, an Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, agus an Chomhchoiste Póilíneachta.

## Táscairí Feidhmíochta

- Líon na leithdháiltí tithíochta nua
- Líon na ndaoine gan dídean ar tugadh áit chónaithe dóibh / easpa dídine a cois-ceadh
- Méid an chaiteachais cothabhála atá pleanáilte
- Líon na gcruinnithe idirghníomhaireachta
- Líon na gCuairteoirí ar áiseanna fóillíochta na comhairle
- Líon na rannpháirtithe i dtionscnaimh spóirt agus sláinte agus folláine faoi stiúir na comhairle




Tithíocht aoisbháúil i bPáirc Sailí

**3** Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí, cothabháil agus athchóiríí tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistiú eastát agus forbairt phobail
- Tionscnaimh aoisbháúla agus cuimsithe shóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine

**Cuspóir 1: Tithíocht inacmhainne agus sóisialta ar ardchaighdeán a chur ar fáil trínár bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta le freastal ar riachtanais tithíochta ar fud an Chontae.**

- Foireann thiomnaithe a bhfuil na tacaíochtaí cuí bainistíochta tionscadail aici a bhunú ag baint úsáid as maoiniú foirne na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) chun borradh a chur faoi phleananna soláthair tithíochta.
- Maolú sealadach pleanála a úsáid leis na forbairtí tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá molta agus sainaitheanta a chur chun cinn go tosach feidhme ar an suíomh faoi dheireadh na bliana.

- Céimeanna tosaigh SDZ faofa Chluain Buiríosa a chur chun cinn go tógáil, faomhadh pleanála agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) a fháil do na céimeanna ina dhiaidh sin, agus na forbairtí molta tionachta measctha agus Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP) a chur chun cinn go faomhadh pleanála Chuid a hOcht / Chuid a Deich.
- Soláthar forbairtí comhfhiontair tionachtaí measctha Chill Chairbre agus Chill an Ardáin a mhaoirsiú lenár gcomhpháirtithe tionscadail.
- Tógáil fhorbairt ar cíos de réir costais Chearnóg Belgard Thuaidh a chur chun cinn agus múnla bainistíochta agus maoinithe inbhuanaithe á fhorbairt ag an am céanna.
- Soláthar tithíochta breise sóisialta, inacmhainne agus ar cíos de réir costais a uasmhéadú trí cheannach / lándéanamh, Cuid 5, léasú, agus scéimeanna eile, i gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB), an earnáil phríobháideach agus páirtithe eile leasmhara.
- Ár gclár leanúnach soláthair tithíochta a chinntiú.

**Cuspóir 2: Bainistíocht, tacaíochtaí agus rialúchán tithíochta sármhaith agus nuálach a chur ar fáil do thionachtaí, thionóntachtaí agus eastáit níos fearr.**

- An Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiúnach a chur i bhfeidhm i gcomhar le Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear bearta do thionóntachtaí tacaithe do dhaoine gan dídean, tionscnaimh cónaitheachta roinnte d'easpa dídine i measc na n-óg agus lóistín sealadach tacaithe breise.
- Coigeartú méide a chur chun cinn do lóistín aoisbháúil, i gcás úinéirí tí freisin, trí chumarsáid thiomanta ar líne agus cineálacha eile cumarsáide, agus tacaíocht ó leithdháileadh agus aistrithe éifeachtacha tithíochta.
- Éifeachtúlacht ár stoc tithíochta a uasmhéadú trí fheabhsú leanúnach ar chórais, próisis agus seirbhísí cothabhála athligean ar cíos, freagra agus pleanáilte, lena n-áirítear leathadh amach suirbhéanna maidir le bail na réadmhaoine agus clár infheistithe stoc nua.
- Leanúint le cur in oiriúint, bainistiú agus tacaíocht deontais lóistín le freastal ar riachtanais shainaitheanta daoine faoi mhíchumas, faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas.
- Scéimeanna náisiúnta tithíochta inacmhainne agus ar cíos de réir costais a chur i bhfeidhm chomh maith leis an ábhar bolscaireachta, iarratais ar líne agus próisis mheasúnaithe a bhaineann leo.
- Tacú le soláthar lóistín tríd an scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta agus 25% de gach teach príobháideach atá ar cíos a scrúdú faoinár bplean scrúduithe ilbhliantúla.
- Tacaíochtaí bainistíochta eastát feabhsaithe agus dírithe a sholáthar chomh maith le hidirghabhálacha do rannpháirtíocht agus cumasú pobal le feabhas a chur ar cheantair áitiúla a bhfuil tionóntachtaí tithíochta sóisialta iontu trí straitéisí nua maidir le sábháilteacht an phobail agus rannpháirtíocht na dtionóntaí.
- Bheith i gceannas ar obair trasroinne trínár nOifigeach Tithe Folmha chun dul i ngleic le tithe folmha nó tréigthe agus chun talún a réiteach d'úsáid, lena n-áirítear úsáid a bhaint as scéimeanna chun tithe atá folamh go fadtéarmach a úsáid arís.
- Forbairt bhreise an chórais iasachtaí tithíochta a chur chun cinn le roghanna d'íocaíochtaí ar líne a chur ar fáil, in éineacht le feidhmiú leanúnach scéim Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil i gcomhréir le leithdháileadh maoinithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh measúnaithe ar chíos do gach réadmhaoin ar leis an gComhairle í, a thagann faoin Scéim Cóiríochta Cíosa agus atá ar léas de réir téarmaí Scéim Cíosanna Difreálacha na Comhairle.
- Acmhainní a ailíniú chun rannpháirtíocht agus cumarsáid a uasmhéadú trínár gcóras comhtháite tithíochta, na meáin shóisialta, úsáid sonraí dinimiciúla agus roinnte, agus prótacal do rannpháirtíocht Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB).

**Cuspóir 3: Tionscnaimh ionchuimsithe, comhionannais agus idirghníomhaireachta a threorú do phobail chomhtháite agus nasctha go sóisialta.**

- Oibriú leis an gCoiste Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) chun soláthar an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail a bhainistiú agus chun tacú le clár LEADER Tuaithe Bhaile Átha Cliath 2023 - 2027.
- Gníomhaíochtaí agus imeachtaí maidir le cuimsiú sóisialta spriocdhírithe do chách a chur chun cinn, go háirithe trí bhearta frithbhochtaineachta, lánpháirtithe dídeanaithe agus ionchuimsitheachta.
- Ár Straitéis Contae Aoisbháúil a chur chun feidhme agus tacú le hobair na Comhairle Daoine Scothaosta le maoirseacht a dhéanamh ar an gComhaontas Contae Aoisbháúil agus chun tionscnamh pobail a thacaíonn le néaltrú a phíolótú laistigh den Chontae.
- Tacú le hobair an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil i gcomhpháirtíocht le grúpaí tacaíochta don Lucht Siúil, lena n-áirítear trí thionscnaimh faoi stiúir an Lucht Siúil, bearta fuinnimh, an scéim Iasachta Carbhán agus cur chun feidhme Plean Gníomhaithe Comhionannais a bhaineann le cóiríocht agus seirbhísí don Lucht Siúil.
- Tacú le cuspóirí straitéiseacha an Chomhchoiste Póilíneachta / Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscnaimh feasachta ar fhoréigean teaghlaigh, páirt a ghlacadh i bhFóraim Póilíneachta Áitiúla agus an Straitéis Iompair Fhrithshóisialta a nuashonrú i gcomhar leis an SPC Tithíochta chun tacú le pobail níos sábháilte.
- Tacaíocht agus muinín a thabhairt do dhaoine óga trí oibriú le Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, Comhairle na nÓg agus príomhpháirtithe eile.
- Tacaíochtaí lánpháirtíochta a chur ar fáil tríd an bhFoireann Lánpháirtíochta nua, lena n-áirítear formhaoirseacht an Fhóraim Freagartha Pobail, chun cabhrú le hiarrthóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (IP), Dídeanaithe Cláir agus Tairbhithe Cosanta Sealadacha (BOTP) rochtain a fháil ar sheirbhísí ábhartha agus teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla.
- Comhionannas agus inrochtaineacht a chinntiú do chách inár soláthar seirbhíse.

**Cuspóir 4: Contae sláintiúil, gníomhach agus rannpháirtíoch a threorú.**

- Feabhas a chur ar cheannaireacht phobail LCDC, le tacaíocht ónár gcomhpháirtithe reachtúla agus deonacha, trí chreat agus plean forfheidhmithe an Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023 - 2029 a sholáthar, agus maoiniú feabhsaithe pobail a dháileadh ailínithe lena thosaíochtaí.
- Leanúint de shamhail rialachais straitéisigh a fhorbairt le haghaidh bhainistíocht ionad pobail.
- Cláir chruthaitheacha agus nuálacha a fhorbairt chun tacú le riachtanais forbartha pobail na bpobal áitiúil ar fud Chontae Átha Cliath Theas. Feabhas a chur ar fhorbairt pobail trí dheontais phobail ar líne a chur ar fáil, rialachas láidir ar ionaid phobail agus rannpháirtíocht pobail a éascú tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, arna thacú ag ár bhfoireann Pobail athstruchtúraithe.
- Leanúint den chlár de shaoráidí pobail nua agus síntí agus uasghráduithe / athchóirithe ar áiseanna pobail atá ann cheana féin a sholáthar.
- Úsáid agus leas saoráidí pobail, spóirt agus fóillíochta sa Chontae a uasmhéadú le haghaidh gníomhaíochtaí rannpháirteacha, sláinte agus folláine agus faoi stiúir an phobail mar chuid de sceideal imeachtaí arna thacú ag creat soláthair bainistíochta imeachtaí.
- Leas a bhaint as an gcreat Éire Shláintiúil agus an clár um Chomhphobail Shláintiúla Sláintecare le haghaidh tionscnamh spriocdhírithe, fianaise-bhunaithe ar fheasacht, rannpháirtíocht, gníomhaíocht choirp, rannpháirtíocht, meabhairshláinte, agus mí-úsáid alcóil / drugaí, ag tabhairt tús áite do na ceantair agus na hearnálacha is díothaí sa Chontae.
- Tionscnamh sráide súgartha a chur chun feidhme chun áiteanna inar féidir le cónaitheoirí de gach aois agus cumas teacht le chéile agus súgradh i dtimpeallacht spraíúil shábháilte a chlaochlú.
- Na Gradaim do Dhianiarracht a athsheoladh ina leagtar béim nua ar nuálaíocht, comhoibriú agus dea-chleachtas a chur chun cinn laistigh den earnáil phobail.
- Plean Átha Cliath Theas Gníomhach a chur chun feidhme ina leagtar béim ar spórt, caitheamh aimsire agus gníomhaíocht do chách agus tacú le comhpháirtíochtaí agus cláir spóirt reatha agus nua chun leibhéil rannpháirtíochta agus litearthacht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe i measc teaghlach, ban, páistí scoile, daoine óga, daoine leochaileacha agus daoine faoi mhíchumas.



# 4 An comhshaol, uisce agus athrú aeráide

Leis an Roinn Comhshaoil, Uisce agus Athrú Aeráide (EWCC) de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, cinntítear ardcháilíocht beatha dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gContae agus tionscnaimh a sholáthar, agus eolas a dhéanamh dóibh, lena gcosnaítear todhchaí an Chontae i gcoinne na ndúshlán a bhaineann le hathrú aeráide. Go simplí, leis an obair a dhéanann EWCC, tugtar céad imprisean ár gContae d'aon duine a bhfuil cónaí air, a oibríonn nó a thagann ar cuairt anseo. Tá foireann na roinne fíorthábhachtach le dea-chlú Chontae Átha Cliath Theas a choinneáil agus limistéar álainn aeistéitiúil a chur ar fáil a bhfuil muintir na háite bródúil as.

## Táscairí Feidhmíochta

- Tionscnaimh gníomhaithe aeráide faoin bplean gníomhaithe ar son na haeráide
- Líon na réadmhaoine a cosnaíodh le scéimeanna um chosaint ar thuilte.
- Coigilteas fuinnimh údaráis áitiúil
- Líon na gcrann a cuireadh
- Líon na seisiún feasachta comhshaoil / gníomhaithe ar son na haeráide
- Líon spásanna súgartha / spásanna do dhéagóirí / páirceanna nua





Páirc Airlie

# 4 An comhshaol, uisce agus athrú aeráide

- Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó
- Bainistíocht móréigeandála
- Dramhaíl agus forfheidhmiú
- Seirbhísí uisce agus draenála
- Seirbhísí tréidliachta
- Bainistiú agus cothabháil an réimse phoiblí

### Cuspóir 1: Contae inbhuanaithe ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú

- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide nua a sheoladh le tacaíocht ón Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ag obair i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath.
- Gníomhartha spriocdhírithe don bhliain 2024 a chur i gcrích i bPlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2024 - 2029.
- Leanúint de bheith ag obair i dtreo spriocanna na hearnála poiblí 2030 51% d'fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdú 50% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Chrios Dícharbónaithe Chluain Dolcáin mar aon le Plean Ceantair Áitiúil Chluain Dolcáin.
- Dícharbónú foirgneamh faoi úinéireacht na Comhairle a sholáthar faoin tionscadal DeliveREE.
- Tionscadail agus gníomhartha breise sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh a chur chun feidhme, lena n-áirítear foireann bainistíochta fuinnimh na Comhairle a chomhordú.
- Leanúint de bheith ag fiosrú agus ag baint leasa as deiseanna le haghaidh tuilleadh forbartha agus leata ar théamh ceantair.
- An plean forfheidhmithe a thabhairt chun críche chun dícharbónú luathaithe flít agus innealra a sholáthar.
- An tionscadal bonneagair phoiblí luchtaithe feithiclí leictreacha a chur chun feidhme.
- Céim a haon de Chlár an Chiste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide de réir an Chomhaontaithe ar Leibhéal Seirbhíse (SLA) a chur chun feidhme agus a sholáthar.
- Dul i dteagmháil le pobail agus gnólachtaí chun scileanna a fhorbairt, foghlaim a chur chun cinn, agus eolas maidir le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht comhshaoil a neartú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú.
- Oibriú le pobail agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun líon na "bPobal Fuinnimh Inmharthana" a mhéadú i mBaile Átha Cliath Theas.
- Tacú le beartais agus tionscnaimh um sholáthar glas agus iad a chur chun cinn trasna na ranna go léir chun dramhaíl a laghdú, dé-ocsaíd charbóin agus astaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a fheabhsú.
- Leanúint de bheith ag tacú le díothú plaistigh aonúsáide in 2024, trí thionscnaimh amhail leathadh amach leanúnach na bhfoinsí uisce óil poiblí. Tacú le tabhairt isteach na scéime aisíoca éarlaise náisiúnta.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí áitiúla agus náisiúnta lena n-áirítear Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – Tamhlacht / Ospidéal na hOllscoile, Tamhlacht / Seirbhísí Rialtais, Bailte Slachtmhara, Grúpa um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas, chun spriocanna maidir le hastaíochtaí CO2 a bhaint amach agus chun sláinte agus stíleanna maireachtála shaoránaigh Átha Cliath Theas a fheabhsú.
- I ndiaidh na seirbhísí uisce a aistriú go Uisce Éireann, rannán um Chosaint Uisce agus Bainistiú Tuilte a chur chun feidhme lena gcomhlíonfar na hoibleagáidí reachtúla atá fós ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas lena n-áirítear Bainistíocht Uisce Dromchla, Creat-Treoir Uisce an Aontais, Cosaint ó Thuilte, Dobharlaigh a Chosaint agus Truailliú Uisce a rialú.
- Pleanáil Mhóréigeandála a chur chun feidhme chun déileáil le drochaimsir agus cúrsaí eile agus an contae a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de.
- Scéimeanna um mhaolú ar thuilte an Phoitéil, an Teampaill Ghil agus na Camóige a chur chun cinn agus réamhphleanáil tionscadail agus tosaíocht a fhorbairt do scéimeanna um mhaolú ar thuilte eile.
- Clár Feabhsúcháin Líonra Uisce Dromchla pleanáilte a chur chun feidhme lena n-áirítear scéim Feabhsaithe Tuilte Uisce Dromchla Bhóthar an Halla Bháin.
- Clár a sholáthar chun siolta a bhaint de dhobharlaigh i bpáirceanna agus i spásanna oscailte chun athléimneacht tuilte a fheabhsú, lena neartaítear tairbhí don chomhshaol uisceach.
- Staidéar ar Uisce Dromchla An Chaisleáin Nua, Ráth Cúil, Theach Sagard a chur chun cinn agus moltaí a chur chun feidhme.

### Cuspóir 2: Feabhas a chur ar chuma aeistéitiúil ár gContae ar mhaithe lena Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta

- Gníomhartha an Phlean Bainistíochta Bruscair 2023 - 2025 a chur i gcrích.
- Páirt a ghlacadh sa Chóras Náisiúnta um Fhaireachán ar Thruailliú Bruscair.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an réimse seirbhísí, modheolaíochta agus minicíochtaí a chuirtear ar fáil faoin gconradh um scuabadh bóithre agus seirbhísí gaolmhara agus próiseas soláthair a reáchtáil chun socruithe conartha nua a chur i bhfeidhm don bhliain 2025.
- An t-athbhreithniú ar struchtúir oibriúcháin an réimse phoiblí a thabhairt chun críche agus clár pleanáilte cothabhála an réimse phoiblí a chur chun feidhme lena n-áirítear rochtain phoiblí ar líne ar sceidil na gclár cothabhála a sholáthar.
- Clár cuíchóirithe na n-iostaí a chur chun feidhme lena n-áirítear dearadh, tairiscint agus tógáil Iosta Seirbhísí Meicniúla agus athchóiriú Iostaí Ráth an Deagánaigh agus Pháirc Thigh Motháin.
- Clár oibreacha feabhsúcháin an réimse phoiblí do 2024 a sholáthar.
- Clár na n-oibreacha feabhsúcháin páirce maoinithe a chur chun cinn le cur leis an gclár oibreacha leanúnach ar chothabháil páirceanna.
- Leanúint de chuma fheabhsaithe an réimse phoiblí a sholáthar do bhóithre isteach inár gContae, lena n-áirítear dul chun cinn a dhéanamh ar an gcéad chéim eile de scéim feabhsúcháin tírdhreacha an N81 (Acomhal an tSeanbhábhúin go Staid Thamhlachta) agus oibreacha uasghrádaithe cothabhála ar Bhóthar Belgard.
- Leanúint den chlár cothabhála crann trí bliana le haghaidh 2023 - 2025 a sholáthar, lena n-áirítear an clár plandála crann.
- Cláir feasachta comhshaoil a chur ar fáil do phobail agus gnólachtaí.
- Tacú le cláir na mBailte Slachtmhara agus le tionscnaimh tionscadail PURE (Timpeallachtaí Ardtailte agus Tuaithe a Chosaint).
- Clár oideachais comhshaoil a chur ar fáil do scoileanna, do phobail agus d'fheachtais agus gnó ina ndéantar suntas d'fheachtais amhail Scoileanna Glasa agus tuiscint ar an athrú aeráide a neartú.
- An Scéim Creidmheasanna Sóisialta a sholáthar chun tacú le gníomhartha ar son an chomhshaoil, agus luach saothair a thabhairt dóibh, ag pobail a ghlacann úinéireacht ar a dtimpeallacht agus a fheabhsaíonn a gceantar áitiúil trí ghníomhartha ar son an chomhshaoil.
- Straitéis Reiligí a chur chun feidhme don tréimhse 2024 go 2026 chun clár oibre do 2024 a chuimsiú.
- Balla Colmlainne a sholáthar i Reilig na hEascrach agus scrúdú a dhéanamh ar an gcumas atá ann do shuímh eile.

### Cuspóir 3: Tacú le Líonra Bonneagair Ghlais ar fud an Chontae chun spás comhroinnte a chur ar fáil le haghaidh úsáid taitneamhachta, áineasa, cosaint bithéagsúlachta, bainistiú tuilte agus oiriúnú don athrú aeráide.

- Leanúint den straitéis bonneagair ghlais a chur chun feidhme le haghaidh an Chontae.
- Scrúdú a dhéanamh ar sholáthar agus ar mhéid an spáis oscailte phoiblí i mBaile Átha Cliath Theas agus a chinntiú go dtacaíonn sé le Líonra Bonneagair Ghlais a choinneáil, a fhorbairt agus a fheabhsú.
- An straitéis páirceanna agus spás oscailte don Chontae a sholáthar agus tús a chur lena cur chun feidhme.
- Máistirphlean Pháirc Chorcaí a chur chun cinn lena n-áirítear an mol agus cosán aonach na coillearnaí a thabhairt chun críche, bealaí isteach do charrchlós a uasghrádú agus comharthaíocht a sholáthar, agus pleananna chun feabhas a chur ar Pháirc Charbhán agus Champála Ghleann na Camóige a thabhairt chun críche.
- Clár caipitil an réimse phoiblí a sholáthar, lena n-áirítear páirceanna breise, áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt a thacaíonn le forbairt Phlean Átha Cliath Theas Gníomhach.
- Straitéis na bPáirceanna Spóirt a chur chun feidhme trí chláir páirceanna Astroturf a sholáthar go leanúnach agus trí pháirceanna féir atá ann cheana féin a uasghrádú.
- Tacú le clubanna agus eagraíochtaí spóirt trí chothabháil agus bainistíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar pháirceanna, agus trí na háiseanna seo a chur in áirithe trí úsáid a bhaint as na córais áirithinte pailliún agus páirce.
- An Plean Gníomhaíochta um Phailneoir a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir le Plean na hÉireann um Pailneoirí.
- Gníomhartha ón bPlean Gníomhaíochta um

Bhithéagsúlacht a chur chun feidhme agus tacú le beartais agus cuspóirí chun bithéagsúlacht a chosaint i gceantair tuaithe agus uirbeacha araon.

- An clúdach ceannbhrait crann sa Chontae a mhéadú trí chur i gcrích an chláir cheadaithe chun 2,500 crann a chur ar fud an Chontae in 2024 agus plandáil roinnt limistéar mionchoillearnach ar fud an Chontae san áireamh.
- Ceathrú Bogach Tógtha Comhtháite (ICW) a chur i gcrích. Faireachán a dhéanamh ar na ICWanna nua.
- Leanúint ar aghaidh ag leathnú na scéime cuibhrinn ar fud an Chontae agus ag leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na gceapach leithroinnte reatha de réir an Bheartais maidir le Cuibhrinn.

### Cuspóir 4: Riachtanais Rialála, Ceadúnaithe agus Forfheidhmithe a bhainistiú, lena n-áirítear Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse

- Plean Íoschritéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI) 2024 Chontae Átha Cliath Theas a chur i gcrích.
- Seirbhísí forghníomhaithe bruscair agus dramhaíola réamhghníomhacha a sholáthar chun caighdeáin arda glaineachta leanúnach sa Chontae a chinntiú.
- Gníomhartha an Phlean Bainistíochta Dramhaíola Náisiúnta nua don Gheilleagar Ciorclach, a chuirfear i gcrích in 2024, a chur chun feidhme.
- Cód Cleachtais na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) a chur chun feidhme maidir le hoibriú TCI / Úsáid Gléasanna Soghluaiste Taifeadta chun críche cionta dramhaíola a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh.
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-oibreoirí dramhaíola ceadúnaithe.
- Faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtionscnamh freagrachta táirgeora lena n-áirítear an Scéim Aisíoca Éarlaise náisiúnta (DRS).
- Athbhreithniú, faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar láithreáin a bhfuil ceadúnais dramhaíola SDCC acu agus dul i dteagmháil leo siúd a bhfuil ceadúnas ag teastáil uathu.
- Tionscnaimh fhrithdhumpála 2024 a bhainistiú agus a chur i gcrích i gcomhar le hÚdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLAnna).
- Na tosaíochtaí Bliantúla Náisiúnta maidir le Cosc, Bainistiú agus Forfheidhmiú Dramhaíola a bhainistiú. Tosaíochtaí Forfheidhmithe Bliantúla Náisiúnta athbhreithnithe go clár leathanach trí bliana ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA).
- Clár oibre 2024 arna ghlacadh ag Grúpa Stiúrtha Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre a chur chun feidhme. Clár oibreacha a chomhaontú agus a dhéanamh mar chuid den phlean oibriúcháin bliantúil don fhorfheidhmiú dramhaíola.
- Ár n-áiseanna dramhaíola a bhainistiú chun a chinntiú go gcloítear go hiomlán le ceadúnais dramhaíola EPA in 2024.
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chonartha lamháltais seirbhíse do Chonláiste Cathartha Bhaile an Mhóta.
- An togra fuinnimh in-athnuaite do líonadh talún Bhaile Airt a chur chun cinn go dtí an chéim seachadta in 2024. Staidéar indéantachta do thionscadal gréine fótavoltach ar scála tráchtála a chur i gcrích agus dul chun cinn a dhéanamh trí chéimeanna deartha agus pleanála.
- An Straitéis Athchúrsála Pobail 2024 - 2026 a chur chun feidhme.
- Leanúint leis an gclár imscrúduithe suímh agus faireachán comhshaoil ar láithreáin líonta talún dramhaíola neamhrialaithe stairiúla.
- Forálacha an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990, agus an Achta um Sheirbhísí Sláintíochta 1964, a chur chun feidhme maidir le láithreáin thréigthe agus struchtúir chontúirteacha faoi seach lena n-áirítear soláthar chlár na láithreán tréigthe.
- Leanúint de bheith ag obair go réamhghníomhach leis an rannóg um Thithe Folmha chun baint amach na spriocanna agus na gcuspóirí maidir le tithe Tréigthe / Contúirteacha / Folmha a uasmhéadú.
- Faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta um Rialú Capall agus Rialú Madraí.
- An Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (SLA) a chur chun feidhme le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Gníomhartha an phlean seirbhíse bliantúil a sholáthar i seirbhísí uisce agus fuíolluisce faoin Máistir-Chomhaontú Comhair (MCA) agus Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta i gcomhar le hUisce Éireann.
- Clár beart don Phlean Bainistíochta Abhantraí 2024 a sholáthar.
- An Tionscadal 'Life' Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích.
- Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn do Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme i gcomhar le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Faireachán ar cháilíocht an aeir a chothabháil agus a fheabhsú agus moltaí ó Phlean Cáilíochta Aeir Réigiún Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme.



Páirc nua 3G i bPáirc Seán Walsh



# 5 Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht

Cuimsítear leis an rannóg um Chumas Eagrúcháin agus Cuntasacht obair a rinne stiúrthóireacht Feidhmíochta Corparáidí agus Bainistíocht Athraithe (CPCM) na Comhairle agus na ranna Airgeadais agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Tá daonlathas áitiúil a sholáthar dár saoránaigh agus sármhaitheas a thairiscint trí sholáthar seirbhíse ar ardchaighdeán ar chuid de na príomhchúiseanna le Comhairle Contae Átha Cliath Theas a bheith ann. Déanann an roinn CPCM formhaoirsiú ar rannpháirtíocht na Comhairle trasna príomhpháirtithe leasmhara ár saoránach, ár gcustaiméirí, ár gcomhairleoirí agus ár bhfoirne chun a chinntiú go ndéanaimid an cuspóir seo a bhaint amach chomh fada agus is féidir linn.

## Táscairí Feidhmíochta

- Líon na ndaoine ar an gclár toghthóirí
- Líon na bhfiosrúchán ó chustaiméirí a fuarthas agus a dúnadh laistigh den spri-oc-am
- Líon uirìll na gcomhaltaí a fuarthas agus a dúnadh laistigh den sprioc-am
- Líon na n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise / rochtain sonraí ar tugadh freagra orthu
- Líon na saoránach a bhí rannpháirteach go gníomhach linn trínár dtairseach comhairliúcháin, suirbhé saoránaigh, agus na vótaí a caitheadh ar bhuiséadú rannpháirtíochta
- Meánlíon na gcúrsaí foghlamtha agus forbartha in aghaidh an bhaill foirne



Lá Ionduchtúcháin Foirne Nua

### 5 Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht

- Seirbhísí corparáideacha
- Bainistíocht acmhainní daonna
- Bainistíocht airgeadais
- Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide
- Seirbhísí ailtireachta
- Seirbhísí dlí

**Cuspóir 1: Tacú le ról beartais agus ceannaireachta na gcomhairleoirí chun rialtas áitiúil éifeachtach a chur ar fáil.**

- An próiseas toghcháin rialtais áitiúil a bhainistiú chun sláine, trédhearcacht agus éifeachtúlacht na dtoghchán a chinntiú de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Rannpháirtíocht an phobail agus feasacht ar na toghcháin agus ar ról agus feidhmeanna a n-ionadaithe tofa a chur chun cinn.

- Tacú le ról ceannaireachta an Mhéara mar chéad saoránach an Chontae.
- Bainistiú ceart ar chruinnithe uile na Comhairle agus ar na coistí gaolmhara a chinntiú de réir na gceanglas reachtúil agus na mBuan-Orduithe agus go ndéantar iad a stiúradh go héifeachtach agus go hoscailte agus go trédhearcach.
- Tacú le bunú na Comhairle nua tar éis na dtoghchán áitiúil agus oiliúint agus tacaíochtaí a sholáthar do na Comhaltaí chun go mbeidh siad in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus go hinniúil.
- Rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht a chur chun cinn trí thacú le Cácas na mBan, trí fheachtais chur chun cinn agus gníomhaíochtaí tacaíochta amhail oiliúint agus taighde a fhorbairt.
- Scéim nua an Choiste um Beartais Straitéiseacha a ullmhú do thréimhse na Comhairle nua 2024 – 2029 trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus an próiseas ainmniúcháin ballraíochta a bhainistiú.
- Leanúint le clár na dtoghthóirí agus an córas voter.ie a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn de réir na n-athruithe a éilítear faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022.

**Cuspóir 2: Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar ina gcaitear le gach úsáideoir seirbhíse le dínit, urraim agus comhionannas**

- Feabhas a chur ar cháilíocht, ar éifeachtúlacht agus ar inrochtaineacht na seirbhísí poiblí trí réitigh dhigiteacha nuálacha atá dírithe ar an úsáideoir a chur chun feidhme a chothaíonn comhoibriú, ionchuimsitheacht agus inbhuanaitheacht.
- Cultúr urraime do chearta an duine agus ar chomhionannas a chothú laistigh den eagraíocht agus i soláthar na seirbhísí poiblí, trí chomhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Chearta an Duine a chinntiú, trí dhul i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar dhúshláin na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse.
- Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge, trí mhonatóireacht a dhéanamh agus tacú le comhlíonadh Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 - 2021, cur le cumas labhartha Gaeilge agus feasacht na foirne, agus dul i dteagmháil le húsáideoirí seirbhísí a bhfuil Gaeilge acu.
- Tacú le spriocanna aeráide 2024 trí na dea-chleachtais a chur chun feidhme maidir le foirgnimh chathartha a chothabháil agus a athchóiriú ar fud na bainistíochta fuinnimh, an tsoláthair ghlais, an iarfheistithe agus giniúint fuinnimh in-athnuaite.

**Cuspóir 3: Cultúr rialachais láidir a chothú san eagraíocht.**

- Páirt a ghlacadh le páirtithe leasmhara lárnacha in ullmhú Plean Corparáideach nua do 2025 – 2029 lena ghlacadh ag an gComhairle nua chun fís, misean agus luachanna na heagraíochta a leagan amach ina leagtar amach creat straitéiseach chun gníomhartha agus gníomhaíochtaí na Comhairle a threorú agus a thuairisciú thar an tréimhse chúig bliana sin.
- Ceannaireacht thrédhearcach eiticiúil a thógáil a chothaíonn cultúr ionracais, muiníne agus urraime trí thacú agus faireachán a dhéanamh ar chloí leis an gCreat Eitice agus Cóid Iompair do Chomhaltaí Tofa agus Fostaithe na Comhairle.
- Comhlíonadh an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, agus an Cód Trédhearcachta a chinntiú i ngach struchtúr agus próiseas ceaptha beartais de chuid na Comhairle chun cultúr oscailte agus cuntasach a chothú.
- Tacú leis an Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus leis an gCoiste Iniúchta chun dearbhú neamhspleách a sholáthar go bhfuil próisis rialachais chorparáidigh, riosca agus rialaithe ag feidhmiú go héifeachtach.
- Maoirseacht éifeachtach a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a sholáthar ar riar agus faomhadh gach íocaíochta do Chomhairleoirí agus Foirne de réir na gceanglas reachtúil agus na bprionsabal a bhaineann le hoscailteacht agus trédhearcacht.
- Cur chun feidhme an Phlean Soláthair 2024 - 2026 a fhorbairt agus a fhormhaoirsiú agus a chinntiú go bhfuil gach soláthar trédhearcach agus iomaíoch chun luach ar airgead a áirithiú agus chun tacú le cuspóirí gnó, lena n-áirítear spriocanna aeráide 2030.
- Feasacht a ardú agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí i mbainistíocht na dtionscadal suntasach ar fad agus an Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta don bhliain 2023 a fhoilsiú.
- Maoirseacht éifeachtach a fhorbairt agus a sholáthar ar chóras bainistíochta um chosaint sonraí agus rialachas faisnéise na heagraíochta chun comhlíonadh na bprionsabal agus na reachtaíochta dea-chleachtais a chinntiú.

**Cuspóir 4: Muinín an phobail a neartú trí chumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht saoránach a sholáthar**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis bhranda na Comhairle le cur chuige deartha comhdhlúite lena gcuirtear treoirlínte branda agus samhail chaomhnóireachta chuí ar fáil chun ailíniú láidir le fís, misean agus luachanna na Comhairle a chinntiú.
- Straitéisí agus oibríochtaí cumarsáide a sholáthar lena gcinntítear comhairliúchán agus rannpháirtíocht láidir poiblí ar ár bpleananna, straitéisí agus tionscadail, agus lena múnlaítear agus chun cinn gníomhaíochtaí na Comhairle do gach spriocghrúpa ábhartha, agus lena ndéantar faireachán leanúnach ar thionchar agus éifeachtacht na bhfeachtas ag an am céanna.
- Feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara ar ár gcainéil dhigiteacha chun úsáid agus rochtain ar sheirbhísí agus faisnéis dhigiteach a mhéadú agus feachtais chumarsáide a fhorbairt maidir leis na tairbhí agus na dreasachtaí a bhaineann le faisnéis/seirbhísí digiteacha a úsáid.
- Measúnú ar ionchuimsitheacht dhigiteach a dhéanamh ar sheirbhísí chun úsáid seirbhísí digiteacha i measc ár gcustaiméirí a fheabhsú agus réitigh shaincheaptha a dhearadh agus a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a thagann chun cinn.
- Straitéisí spriocdhírithe a fhorbairt chun níos mó tráchta chuig an suíomh gréasáin agus na hardáin meán sóisialta a spreagadh chun feasacht saoránach ar ghníomhartha, ar sheirbhísí, ar thionscnaimh agus ar fhaisnéis ábhartha a fheabhsú.
- Éachtaí na heagraíochta a ullmhú, a fhoilsiú agus a chur chun cinn trí phríomhfhoilseacháin chorparáideacha, amhail an plean corparáideach, an plean soláthair seirbhíse, an tuarascáil bhliantúil agus tuarascálacha agus nuachtlitreacha eile.
- Oibriú leis an mbainistíocht agus leis an ngrúpa stiúrtha um bhuiséadú rannpháirtíochta chun torthaí meastóireachta an tionscnaimh '€300K Have Your Say' a mheas agus tacú le samhail nua a fhorbairt agus a sholáthar.

**Cuspóir 5: Cumas eagraíochtúil a fhorbairt le tacú go gníomhach chun cuspóirí an Phlean Chorparáidigh agus an chláir athchóirithe rialtais áitiúil a bhaint amach.**

- Na próisis phleanála fórsa saothair agus corparáidí a chomhtháthú chun comhaontú agus athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais an lucht saothair chun tacú le baint amach na gcuspóirí gnó le linn thréimhse an phlean chorparáidigh.
- Leanúint de chultúr nuálaíochta agus feabhsú leanúnach a chothú i measc na bhfostaithe go léir, trí na deiseanna, na hacmhainní agus na dreasachtaí a chur ar fáil dóibh chun smaointe agus réitigh nua a spreagadh agus a chur chun feidhme trína gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht na heagraíochta agus lena mbaintear torthaí níos fearr amach.
- Straitéis ionad oibre a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an spás fisiceach, an teicneolaíocht agus an cultúr a athdhearadh agus a athchumrú chun timpeallacht oibre hibrideach nua-aimseartha a chruthú lena gcuirtear feabhas ar thorthaí gnó agus na bhfostaithe.
- Leanúint de thacaíochtaí sláinte agus folláine fostaithe a fhorbairt agus a neartú chomh maith le creat bainistíochta neamhláithreachta cuimsitheach a fhorbairt chun tacú le sláinte agus folláine fostaithe, treoir shoiléir a sholáthar ar bheartais agus nósanna imeachta um shaoire bhreoiteachta, agus laghdú a dhéanamh ar mhinicíocht saoire bhreoiteachta san eagraíocht.
- Tairiscint luacha fostóra na Comhairle a shainiú agus a chur chun cinn go soiléir a thaispeánann tairiscintí agus difreálaithe na heagraíochta agus a ailíniú le riachtanais agus ionchais na bhfostaithe chun feabhas a chur ar earcú agus coinneáil tallainne don eagraíocht.
- Buanna ceannaireachta agus bainistíochta na Comhairle faoi láthair agus amach anseo a fhorbairt trí fhorbairt ceannaireachta, cóitseáil, meantóireacht, printíseachtaí agus cláir iarchéime agus trí úsáid éifeachtach a bhaint as PMDS ar fud na heagraíochta.
- Prótacal Bainistíochta Athraithe a fhorbairt agus a chomhaontú chun cabhrú leis an eagraíocht agus tacú leis an athrú a threorú agus a chur chun feidhme go héifeachtach tríd an bhFóram Faisnéise agus Comhairliúcháin.
- Gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair a chosc agus a laghdú trí thacú le Bainisteoirí Líne timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chothabháil, agus trí oiliúint, acmhainní agus tacaíocht a sholáthar d'fhostaithe chun cloí le caighdeáin agus rialacháin sláinte agus sábháilteachta.




## An Roinn Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

**Cuspóir 6: Úsáid na Comhairle as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chur chun cinn trí thionscnaimh shlána, nua-aimseartha agus chliste lena n-éascaítear eispéiris agus torthaí níos fearr i soláthar seirbhísí.**

- Feabhas a chur ar chumais chibearchosanta agus a chinntiú go bhfuil feasacht cibearshlándála leabaithe i ngach réimse den eagraíocht.
- Dearbhú iniúchta a sholáthar trí thástáil leanúnach a dhéanamh ar líonraí inmheánacha agus seachtracha na heagraíochta.
- Dea-shampla de shonraí oscailte rialtais áitiúil a léiriú agus tacú le tionscnaimh 'SMART Dublin'.
- Freagairt do riachtanais GIS agus sonraí spásúlachta na heagraíochta.
- Leanúint de nascacht idir oifigí agus iostaí na Comhairle a neartú, agus lorg na comharthaíochta digití a leathnú, go háirithe ag an tslí dála nua ag Halla an Chontae.
- Bonneagar, córais agus feidhmchláir a bhainistiú agus tacú leo ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear ardáin chumarsáide feabhsaithe, cúram custaiméirí agus láithreacht ar líne.
- Beartas gléasanna iniompartha agus foireann tacaíochta ar gach saincheist TF agus ar réitigh oibre hibrideacha a bhainistiú.
- Pleananna athshlánaithe ó thubaiste agus leanúnachais gnó a chomhordú.
- Tacaíocht a thabhairt d'ionduchtú na gComhaltaí Tofa in 2024 lena n-áirítear trí chreat chun seirbhísí TF a sholáthar do Chomhaltaí Tofa de na húdaráis áitiúla uile i mBaile Átha Cliath.
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh nua-aimseartha / chliste sa láthair oibre agus cumarsáid a dhéanamh le hard-stiúrthóireachtaí, agus comhairle agus cúnamh a thabhairt dóibh maidir le forbairtí agus soláthairtí teicneolaíochta, lena n-áirítear ardán láidir ríomh-earcaíochta a chur i gcrích.

## An Rannóg Airgeadais

**Cuspóir 7: Córais láidre bainistíochta airgeadais agus bainistíochta riosca a chur ar fáil.**

- Próisis bainistíochta fiachais éifeachtacha a chur chun feidhme chun méadú leanúnach ar bhailiú rátaí, iasachtaí agus cíosanna difreálacha a chinntiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí.
- Cabhrú le ranna bailiú agus faireachán ar fhéichiúnaithe corparáideacha a fheabhsú.
- Ár gcóras riaracháin rátaí a fheabhsú, athruithe reachtaíochta a chur chun feidhme, agus giniúint ioncaim ón bpróiseas athbhreithnithe inrátáilte a fheabhsú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar cheantair a bhfuil réadmhaoin fholamh tráchtála iontu agus tacú le beartais maidir le húsáid agus úsáid chuí.
- Cuntais bhliantúla 2023 a ullmhú lena n-iniúchadh i gcomhréir leis an bhformáid fhorordaithe agus leis an gCód Dea-Chleachtais um Chuntasaíocht Údaráis Áitiúil in Éirinn agus na Rialacháin Chuntasaíochta.
- Próiseas comhairliúcháin straitéis buiséid 2025 a éascú agus a bhainistiú lena n-áirítear nós imeachta éagsúlachta na Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ).
- Tuairisciú míosúil maidir le hioncam agus caiteachas na Comhairle ag leibhéal an tsealbhóra buiséid trasna na rannán uile a sholáthar chun tacú le bainistíocht airgeadais agus bhuiséadach níos éifeachtaí.
- An córas faireacháin tionscadal caipitil a fheabhsú
- An Clár Caipitil Trí Bliana 2025 – 2027 a ullmhú i gcomhar leis na stiúrthóireachtaí go léir agus tuairisciú ar ioncam agus ar chaiteachas caipitil ag leibhéal an tsealbhóra buiséid a fheabhsú.
- Tacú leis an sreabhadh airgid agus bainistíocht cistíochta agus feabhas a chur orthu, lena n-áirítear trí bhainistíocht ar chomhchuntais taisce a fheabhsú agus iarmhéideanna Chuntas UNA a laghdú.
- Tuiscint airgeadais níos fearr a fhorbairt laistigh den eagraíocht trí oiliúint airgeadais agus Agresso a fheabhsú.
- Córas cártaí ceannaigh ar luach íseal na hOifige um Sholáthar Rialtais a chur chun feidhme.
- Próisis réitigh sócmhainní seasta a chur chun feidhme, gan sócmhainní talún a chur san áireamh go dtí go dtugtar an clár réadmhaoine chun críche.
- Athbhreithniú leanúnach ar an gclár riosca corparáideach a éascú, ag cinntiú go bhfuil beartais árachais agus straitéisí maolaithe ailínithe leis na rioscaí a aithníodh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna árachais agus cánachais a bhaineann le feidhmiú agus cothabháil áiseanna pobail agus ionad fiontair.



## Moladh

De réir Alt 134A den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú, leagtar amach sa Phlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil seo na príomhsheirbhísí agus na príomhthionscadail atá beartaithe ag an gComhairle a sholáthar in 2024, mar aon le caighdeáin agus spriocanna feidhmíochta intomhaiste, bunaithe ar an maoiniú agus na hacmhainní atá ar fáil mar a leagtar amach inár mBuiséad Bliantúil 2024. Forbraítear é freisin i gcomhthéacs mhisean ár bPlean Chorparáidigh 2020-2024 chun Contae Átha Cliath Theas a dhéanamh mar áit bheoga agus ionchuimsitheach a dhéanamh do na daoine a chónaíonn, a oibríonn agus a bhíonn i mbun gnó anseo, anois agus sa todhchaí freisin.

Is feidhm fhorchoimeádta de chuid na Comhairle é an Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil a ghlacadh, mar a mholtar nó leasuithe. Dá réir sin, cuirtear an Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil 2024 i láthair lena bhreithniú ag cruinniú na Comhairle an 12 Feabhra 2024 agus moltar é lena ghlacadh ag na Comhaltaí Tofa.

Le tuarascáil mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh a chuirtear faoi bhráid na Comhairle, mar aon lenár dTuarascáil Bhliantúil agus an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar Ghnóthachtálacha an Phlean Chorparáidigh, cuideofar leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus leis na Comhaltaí Tofa chun faireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil don bhliain. Ina theannta sin, leis an gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht (NOAC) cuirtear faireachán agus tomhas neamhspleách ar fáil i gcoinne réimse táscairí feidhmíochta áitiúla agus náisiúnta agus lenár gCoiste Iniúchóireachta, déantar éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn maidir le feidhmíocht ár bhfeidhmeanna.

Déanfar achoimre ar an bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil 2024 ar glacadh leis a sheachadadh chuig gach baile, scoil agus gnó i gContae Átha Cliath Theas agus cuirfear chun cinn é ar na meáin shóisialta.

Colm Ward



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae Átha Cliath Theas

## Leibhéil seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo

### Forbairt eacnamaíochta, fiontair agus turasóireachta




| Táscaire Feidhmíochta | A baineadh amach in 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 |
|---|---|---|
| Líon na dtionscnamh tacaíochta gnó agus caiteachas | 20 / 135,351 | 22 / 150,000 |
| Líon na bpost a cruthaíodh nó ar tacaíodh leo i bpáirc gnó Chaisleán na Gráinsí | 5328 (lena n-áirítear tógáil) | 8,000 (lena n-áirítear tógáil) |
| Líon na ndiúscartha talún um fhorbairt eacnamaíoch | 1 | 2 |
| Líon na mball gníomhach leabharlainne | 60.268 | 60,000 |
| Méid an spáis leabharlainne i m2 | 7.872 | 7.872 |
| Líon na bhféilte / imeachtaí turasóireachta | 7 | 8 |

### Talamhúsáid, pleanáil agus iompar




| Táscaire Feidhmíochta | A baineadh amach in 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 |
|---|---|---|
| Líon na dtithe príobháideacha a cuireadh i gcrích | 2.029 | 2.800 |
| Líon na gcosán nua agus uasghrádaithe – m2 líneach | 67.231 | 67.000 |
| Líon na raonta rothar nua agus uasghrádaithe – m2 líneach | 22.382 | 13.500 |
| Scéimeanna feabhsaithe lárionad sráidbhaile agus ceantair a tugadh chun críche | 1 | 2 |
| Líon na n-uasghráduithe soilsithe LED poiblí a tugadh chun críche | 2.012 | 1.600 |
| % na gcruinnithe réamhphleanála laistigh d'ocht seachtaine ón iarratas | 74.5% | 75% |



## Leibhéil seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo

### Forbairt tithíochta, shóisialta agus phobail



| Táscaire Feidhmíochta | A baineadh amach in 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 |
|---|---|---|
| Líon na leithdháiltí tithíochta nua | 535 | 700 |
| Líon na ndaoine gan dídean ar tugadh áit chónaithe dóibh / easpa dídine a coisceadh | 480 | 600 |
| Méid an chaiteachais chothabhála atá pleanáilte | €7,900,000 | €10,000,000 |
| Líon na gcruinnithe idirghníomhaireachta | 100 | 115 |
| Líon na gcuairteoirí ar áiseanna fóillíochta na comhairle | 667.904 | 750.000 |
| Líon na rannpháirtithe i dtionscnaimh spóirt agus sláinte agus folláine faoi stiúir na Comhairle | 111.030 | 120.000 |

### An comhshaol, uisce agus athrú aeráide



| Táscaire Feidhmíochta | A baineadh amach in 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 |
|---|---|---|
| Tionscnaimh gníomhaithe aeráide faoin bplean gníomhaithe ar son na haeráide | 154 | 125 |
| Líon na gcrann a cuireadh | 751 | 3.500 |
| Líon na seisiún feasachta comhshaoil / gníomhaithe ar son na haeráide | 223 | 225 |
| Áiseanna caithimh aimsire nua | 21 | 16 |
| Réadmhaoin a cosnaíodh le scéimeanna um chosaint ar thuilte * | 0 | 0 |
| Coigilteas fuinnimh údaráis áitiúil | 43.4%* | 45.5%* |

- **Coigilteas Fuinnimh Údaráis Áitiúil:** *Figiúr deiridh 2023 le deimhniú ag SEAI in R2 2024. Is meastachán é figiúr 2024 bunaithe ar chonair faoileoireachta SDCC 2030.
- **Réadmhaoin a cosnaíodh ó Thuilte:** Tá Céim 1 de Scéim um Mhaolú ar Thuilte ('FAS') an Teampaill Ghil díreach tugtha chun críche agus níltear ag súil go dtabharfar chun críche go hiomlán í go dtí 2024.
- Tá tús le hobair sa Phoitéal ('Poddle FAS') curtha díreach tar éis moill a bheith ar an scéim agus bheifí ag súil go ndéanfaí réadmhaoin a chosaint i 2025.
- **Crainn a cuireadh:** Bhí líon na gcrann a cuireadh in 2023 1,759 níos lú ná an sprioc 2023 atá á cur idir míonna Eanáir agus an Mhárta. Roinntear an séasúr plandála crann ina dhá chuid - mí Eanáir go mí an Mhárta agus mí na Samhna/mí na Nollag.



## Leibhéil seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo

### Cumas eagraíochtúil agus cuntasacht



| Táscaire Feidhmíochta | A baineadh amach in 2023 | Leibhéal a bhfuiltear ag súil leis in 2024 |
|---|---|---|
| Daoine ar an gclár toghthóirí | 194.884 | 199.000 |
| Fiosruithe ó chustaiméirí a fuarthas | 38.371 | 40.400 |
| Fiosruithe ó chustaiméirí a dúnadh laistigh den sprioc-am | 29.533 | 38.380 |
| Uiríll na gComhaltaí (ceisteanna a tharraing Comhaltaí Tofa anuas) a fuarthas | 12.258 | 12.000 |
| Uiríll na gcomhaltaí a dúnadh laistigh den sprioc-am | 3.934 | 11.400 |
| Iarratas ar Shaoráil Faisnéise / Rochtain Sonraí ar tugadh freagra orthu | 338 | 350 |
| Saoránaigh a bhí rannpháirteach go gníomhach linn trínár dtairseach comhairliúcháin, suirbhé saoránach, agus na vótaí a caitheadh ar bhuiséadú rannpháirtíochta | 2.038 | 6.660 |
| Cúrsaí foghlamtha agus forbartha in aghaidh an bhaill foirne | 2.6 | 4 |



Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
Teil: 01 414 9000 | info@sdublincoco.ie | www.sdcc.ie

@SouthDublinCountyCouncil
@SDublinCoCo
@sdublincoco
@SouthDublinCountyCouncil